

Tionóisc Feirme

Bhí Íde agus Pól agus Síle a' caint lena chéile ag geata na scoile ar maidin. Cé a tháinig ansan ach Seán agus a aghaidh chomh bán le cailc.

"A gcualabhair an droch-scéal?" arsa sé.

"Cad é an droch-scéal?" a dúradar.

"Gortaíodh Liam," arsa Seán. "Bhí an scéal ar a' bpáipéar tráthnóna inné."

Thóg Seán an Kingdom amach as a phóca agus thosnaigh sé á léamh. "Feirmeoir agus a mhac i dtionóisc feirme," sin é an ceannlíne a bhí sa pháipéar. Léigh Seán cúpla líne amach os árd dóibh. "Thit Dónal Ó Sé, feirmeoir, agus a mhac, Liam, dá dtarracóir inné. Tháinig an t-athair slán ach tá an mac san óspidéal i dTrá Lí."

"Dia go deo linn," arsa Íde. "Tá súil agam ná fuil Liam gortaithe go holc."

"Bhfuil a fhios agaibh cad a dhéanfaimid i ndiaidh na scoile tráthnóna inniu?" arsa Seán. "Tabharfaidh mo mháthair go Trá Lí sinn agus cífimid Liam. Dúirt sí liom é a rá libh."

Shroicheadar an tÓspidéal Réigiúnda i dTrá Lí ar a leath uair taréis a cúig. Bhí torthaí agus milseáin ceannaithe acu do Liam.

Bhí a fhios ag máthair Sheáin cá raibh Liam san óspidéal mar bhí sí ann cúpla uair cheana ar thuairisc páistí de chuid na gcomharsan. I bhárda na leanbh a bhí sé.

Ar a slí go dtí Liam chonaiceadar banaltraí agus dochtúirí a' brostú i mbun a gcúraim. Tháinig eagla orthu nuair a chonaiceadar triúr banaltra a' teacht agus masc ar gach duine díobh.

Bhí ionadh an domhain orthu nuair a chonaiceadar Liam. Bhí a dhá chois árdaithe in áirde agus meáchan a' crochadh de cheann acu. Is ansan a bhí a fhios acu go raibh cois leis briste.

"Cad a bhain duit in ao' chor?" an chéad rud a dúirt Seán leis.

"Bhíos féin agus daid a' teacht amach geata an ghoirt," arsa Liam, "nuair a tháinig gluaisrothar an treo agus é ag imeacht ar nós na gaoithe. Chas daid an roth go tapaigh agus bhuail an tarracóir an claí. Caitheadh mise anuas ar a' mbóthar."

"Ó' Mhuire Mháthair," arsa Síle. "Raibh pian agat?"

"Ó ní dhéanfad dearmad go deo air," arsa Liam, "Agus a' mbain ao' rud d'fhear an ghluaisrothair?" arsa Pól.

"Bean a bhí ann, a mhic ó," arsa Liam, "agus tháinig sí slán sábhálta as an rud ar fad."

"Beidh tú anso cúpla seachtain eile," arsa máthair Sheáin. "Agus nuair a ligfear abhaile thú, beir tamall fada a' teacht chugat féin agus maidí croise agat."

Lena linn sin tháinig cailíní isteach leis an tae dos na leanaí. Chaitheadar go léir an súgradh a thabhairt suas ar feadh tamaill agus an tae a dh'ól.

Chaith na cailíní aimsire garsún amháin a dhúiseacht. Thosnaigh sé a' glaoch amach ós árd.

"A mham, a mham, tabhair isteach mo threabhsar. Tabhair isteach mo bhríste nua," a bhí sé a' béicigh.

A' taidhreamh a bhí an garsún bocht. Bhí náire an domhain air nuair a chonaic sé na cuairteoirí agus chuaigh sé síos fés na héadaí.

Ceisteanna

1. Cá raibh na leanaí a' caint?
2. Conas a fuair Seán amach i dtaobh Liam?
3. Bhí a fhios ag máthair Sheáin cá raibh Liam. Conas san?
4. Cé a bhí ag obair san ospidéal?
5. Conas a thárla an tionóisc?
6. Cathain a bheadh Liam thar n-ais ar scoil, an dóigh leat?
7. Bhí garsún amháin 'na chodladh agus bhí sé
8. Cad a dhéan an máinlíne le Liam?

Obair le Déanamh

1. "Chuaigh an phian tríom."
Cuir isteach an leagan do **sé; sí; sinn; siad.**
2. "Ná bí a' magadh fé".
Cuir isteach an leagan do: **mé; sí; slinn; siad.**
3. Cuir "dúirt a máthair léi" roimh gach ceann acu so agus déan pé athrú is gá:
 - a. Cuir malairt éadaigh ort b. tosnaigh an obair
 - c. ná hínis éitheach d. tóg bog é.
 - e. ceannaigh rud éigin duit féin f. ná bain díot do bhróga.
 - g. pioc suas gach rud id dhiaidh h. dún do bhéal
 - i. ná bí im' chrá j. brostaigh anuas an staighre.

Seanfhocail

Is fearr an tsláinte ná na táinte
Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis
Tosach sláinte codladh, deireadh sláinte osna.
I dtosach na haicíde is fusa í a leigheas.

Ag Crú na mBa

Tháinig mo bheirt col ceathrar, Pól agus Niamh ar cuairt chugainn ó Bhaile Atha Cliath an samhradh so caite. Bhí fonn orthu gach rud ar a' bhfeirm a dh'fheiscint, agus 'sea, triail a bhaint as gach sórt oibre.

Bhíodar liom an chéad tráthnóna a tháingadar agus thiomáineamar na ba isteach i gclós na feirme lena chéile.

"Dia dhíbh; "arsa m'athair leo. "Tá sibh díreach in am chun ná ba a chrú."

"Ach ná fuil inneall crúite agaibh," arsa Niamh. "Tá," arsa m'athair. "Ach tá bó amháin again agus ní maith leí an t-inneall. Tá eagla uirthí roimis."

D'oscail Pól an doras agus isteach leis an gcéad bhuíon de bha; gach bó acu 'na háit féin. "Nach maith go bhfuil a fhios ag gach bó acu cá bhfuil a háit féin," arsa Niamh. "Agus táid go deas múinte leis," arsa Pól. "Nílíd ró-olc is dócha; arsa m'athair. D'ullmhaigh m'athair na ba agus ansan chuir sé an t-inneall orthu.

"Ó féach ar a' mbainne a' gluaiseacht tríd a' bpíobán," arsa Niamh. "Ó sea," arsa Pól. "Agus tá sé a' dul isteach sa dabhach mór anso;"

"Nach iontach an t-inneall é," arsa Niamh.

"Is iontach go deimhin," arsa mé féin.

"Cad mar gheall ar a' mbó eile so?" arsa Pól.

"Faigh buicéad amuigh," arsa m'athair liomsa, "go gcrúfaimíd Sally."

Nuair a bhí an buicéad againn fuair m'athair stól beag agus ghlaoigh ar Niamh.

"Anois a chailín," arsa sé lei, "suigh fúithi seo agus tosnaigh á crú."

Dhéan Niamh a dícheall ach dá mbeadh sí ann fós ní scaoílfeadh Sally aon bhainne anuas chuici.

"Bainfead-sa triail as," arsa Pól.

Dhéan ach ba bheag an mhaith dhó é. Bhuaile an bhó lena heireaball ar dtúis é agus ansan thug speach do a leag ar an úrlár é.

"Nach deas an feirmeoir a dhéanfadh sé seo," arsa mise le m'athair.

Ansan thosnaíomar ar fad a' gáirí.

Cogaint na Círe

"Tá sé in am na ba a thiomáint abhaile," arsa uncail Nuala leis an seanfhear, tráthnóna.

"Raghad-sa id theannta, a Mhicil," arsa Nuala. Nuair a shroicheadar an gort chonaic sí na ba ag iníor dóibh féin ar a suaimhneas. Bhí aon bhó amháin, áfach, 'na luí thíos ag bun a' ghoirt agus b'ait le Nuala cad a bhí uirthi. Chuadar go dtí an áit mar a raibh an bhó 'na luí.

"Tá sí a' cogaint is a' cogaint agus gan aon ní á ithe aici," arsa Nuala. "An bhfuil a béal tinn nó cad é?"

"Ní haon tinneas atá uirthi," arsa Micil; A' cogaint na círe dhi féin atá sí. Nuair a bhíonn an bhó ag iníor scaoileann sí siar an féar 'na goile gan é a chogaint. Taréis tamaill luíonn sí síos agus tugann sí an féar aniar 'na béal arís chun é a chogaint."

"An ndéanann an capall a chíor a chogaint?" arsa Nuala.

"Ní dhéanann," arsa Micil. "Ní dhéanann ach ainmhithe áirithe é."

"Tá gach eolas agat i dtaobh na n-ainmhithe, a Mhicil, ná fuil?" arsa Nuala.

"An té a bhíonn 'na ndiaidh gach lá, bíonn an t-eolas san aige," arsa Micil. "Cuireann san scéal greannmhar i gcuimhne dhom. Tamall maith de blianta ó shin bhí feirmeoir 'na chónaí mar a bhfuil na cnoic úd ó dheas uainn. Bhí seisear mac aige agus fir mhóra láidre ab ea iad go léir.



Bhí portach maith ar a' bhfeirm, agus ón uair agus go raibh an portach chomh maith, thuig na fir óga gur mhór a' trua gan roinnt mhaith mhóna a bhaint agus a thirimíú. D'féadfaidís í thabhairt go dtí an mbaile mór, áit a mbeadh ceannach uirthi. Bheadh pingíní beaga airgid acu anois is arís de bharr na móna, dár leo.

Ach ní fhéadfaidís an mhóin a thabhairt go dtí an mbaile mór gan capall, agus ní raibh a leithéid acu. Shocraíodar capall a cheannach ach ní dúradar faic 'na thaobh lena n-athair. Thug ceannaí ime an t-airgead ar iasacht dóibh agus d'imigh an buachaill ba shine ar an aonach a' ceannach an chapail.

Bhí an oíche ann nuair a tháinig sé abhaile agus bhí an seandúine imithe a chodladh. Chuireadar an capall isteach i dtigh na mbó mar ná raibh aon stábla acu. D'fhanadar faid gach nfaid a' féachaint air agus á mheas. Chuadar isteach chun suipéir ar deireadh agus bhíodar ag ithe agus a' caint leo.

Nuair a bhí ithe acu d'éirigh an fear ba shine agus chuaigh amach a' féachaint ar a' gcapall. Bhí sé tamall maith gan teacht isteach. Fé dheireadh tháinig sé isteach agus é a' féachaint ana-ghruama.

"Tá eagla orm," ar seisear, "go bhfuil rud éigin ar a' gcapall."

"Cad a bheadh air?" arsa duine eile. Ní dh'fhanadar le freagra ach siúd leo amach go dtí cró na mba. Bhí an capall 'na sheasamh ansúd go socair.

"Tá rud éigin air gan amhras," arsa fear acu.

"Sin é cheapaim-se leis," arsa duine eile. Chuaigh duine ar gach taobh do. Bhíodar á chuimilt le sop féir go dtí go raibh allas orthu. Ní tháinig aon fheabhas air, mar mheasadar. Shocraíodar an scéal a chur fé bhráid an tseandúine.

Leath na súile ar an athair nuair a chuala sé capall a bheith ceannaithe acu. Siúd amach go dtí an dtigh leis. D'fhéach sé suas síos ar a' gcapall.

"Cad iad na comharthaí tinnis atá air?" ar seisear.

"Tá an comhartha is fearr ar domhan," arsa duine acu. "Tá trí uair a chloig ann ó cuireadh isteach sa tigh é agus i gcaitheamh an méid sin aimsire ní chogain sé a chíor."

Phléasc an t-athair ar gháirí. Bhí a chlann mhac 'na seasamh a' féachaint air agus ná

feadraíodar cén t-abhar suilt a bhí aige. Fé dheireadh labhair sé leo.

"Imí a chodladh, a bhuachaillí, "ar seisean, "agus bíodh ciall agaibh. Níl aon ní ar a' gcapall. Ní fheicfidh sibh capall a' cogaint na círe go bhfeicfidh sibh cat agus srathar air a' tarrac móna!"


Ceisteanna

1. Cad `na thaobh go raibh na ba á dtiomáint abhaile?
2. Bhí na ba ag iníor. Mínigh.
3. Ní raibh bó amháin ag iníor. Bhí sí
4. Conas a fuairamar an chaint i bhfreagra a 3.
5. Ainmnigh dhá ainmí eile (a.) a chognaíonn cíor (b.) ná cognaíonn cíor.
6. Cá bhfuair na fir óga an t-airgead chun capall a cheannach?
7. Cé a cheannaigh an capall?
8. Cad `na thaobh go raibh an fear a chuaigh a' féachaint ar a' gcapall ana-ghruama?
9. Bhíodar ag iarraidh an capall a leigheas. Conas?
10. Thosnaigh an t-athair a' gáirí. Cén t-abhar suilt a bhí aige?

Obair le Déanamh

Athraigh na habairtí so go dtí an Aimsir Fháistineach (amárach).

1. Chuadar a' lorg rudaí.
2. Ní cheannaíos faic sa tsiopa.
3. An gcuiris ort do chaipín.
4. Bhíos a' briseadh mo chroí a' gáirí.
5. Ní bhfuair sé amach cé a dhéan é.



Crosfhocal 2

Trasna

1. 'Níl aon _____ mar do thinteán féin.'
5. Éan beag a chuireann díon ar a nead.
7. Arm na beiche.
10. Gach rud a ithim.
11. Beach leisciúil!
14. 'Ní thagann _____ roimh aois.'
16. Ól an deoch; _____ an bia.
17. Seachain! = tabhair _____.

Síos

1. 30
2. 'Is leor _____ don eolach.'

3. Bláth.
4. Ó éirí go _____ na gréine.
5. Mí.
6. Mí.
7. Éan mór farráige.
8. Éan mór farráige.
9. 'Is fearr rith maith ná _____ sheasamh.'
10. Éan mór bán.
11. Éan mór bán.
12. Éan mór bán.
13. Bia: as bainne a déantar é.
14. Tigh d'ainmhithe.
15. Tigh d'ainmhithe.

Jimín sa Phortach

Tháinig mam suas liom leis na sáspain agus dúirt sí liom go raibh fhios aici go maith go gcaillfinn iad. Sin a deir sí le gach rud-go raibh fhios aici féin go maith é. Tá mam ana-smearáilte.

Nuair a shroiseas an portach bhíodar a' gábháil dom i dtaobh a bheith fada a' teacht. Ní rabhas fada a' teacht, ach b'amhlaidh a bhí an iomarca dúil acu féin sa rud dubh a bhí sa phróca mór cré. Ní túisce bhíos tagtha ná thógadar as a' gliabh é agus fuair gach duine acu taoscán sáspain do, ach Tadhg Óg. Ní ólfadh Tadhg Óg in ao'chor é.

Bhí Tadhg ar a' sleán an lá ar fad agus ceathrar a' píceáil 'na dhiaidh, a' caitheamh na bhfód ó dhuine go duine.

Mise ba chócaire. Bhailíos cipíní giúise agus caoráin thirime, agus d'adaíos tine i lár a' phortaigh.

Líonas citeal as poll portaigh a bhí in aice liom, ach is láidir nár mharaíodar mé mar gheall air. B'éigin dom é a chaitheamh as arís agus dul go dtí an sruthán i bhfad suas chun uisce d'fháil. Dúradar liom an ceaintín bainne a chur síos i bpoll móna chun ná géaródh an leamnacht leis a' dteas.

Rugas ar earc luachra a bhí fé dhá chaorán mhóna agus ar cheann des na loscainn a bhí, leis, ann. Bhí an loscann im' phóca agam agus nuair a bhí Tadhg Mór ag ól sáspain don rud dubh chuireas an loscann isteach ann i ngan fhios dó.

A mheas a bhíos go slogfadh sé an loscann, mar ba mhaith liom Tadhg a dh'fheiscint nuair a bheadh an t-ainmhí a' léimrigh istigh ann! Ach nuair a chuir sé an sáspan ar a cheann tháinig an loscann aníos chuige agus chuir Tadhg béic as agus chaith uaidh an sáspan.

Chaith sé amhras láithreach ar Dhonnaichin Eoin — gurbh é a chuir an rud chuige — agus bhí sé ag éirí crosta. Bhí aighneas mór ar feadh tamaill ann mar bhí néall baile ar Thadhg Mór agus bhíos a' breith chugam féin, am baic!

I gcionn tamaill chromadar go léir ar obair arís agus gan focal astu. Ach anois is arís bhriseadh a gháirí amach ar dhuine éigin agus bhídís a' scithiríl chucu féin.

Chaitheas féin dul a' píceáil. Bhí sé deas go leor ar feadh tamaill, ach ansan chuaigh na fóid i dtroime, mheasas, agus tháinig teas ar mo bhoisíní agus d'imigh an spórt as an scéal dom.

Bhíos cráite scólta agus mo dhá dheárna ar lasadh agus gan faoiseamh le fáil ach na fóid mhí-áidh á gcaitheamh ar fud na gcos agam. B'é toil Dé go gcuimhnigh Tadhg Óg ar a' gciteal.

"Jimín," ar seisean, "féach a' bhfuil an t-uisce a' fiuchadh."

Ba mhór an fhuascailt í. Sa chiteal a déanadh an tae. Caitheadh tae agus bainne agus siúcra isteach ann i dteannta a chéile. Ní bhlaiseas riamh aon tae chomh deas leis.

Gearradh an t-arán go ramhar agus cuireadh an t-im go ramhar anuas air. Suite ar bhlocanna giúise agus ar fhóid mhóna a bhíomar ag ithe agus na fir ar fad a' caint ar an seana-shaol, ar laethanta móna a bhí, agus ar ghaisce le sleánta.

Bhíodar a' cur bárr-fhód agus bun-fhód agus méith-mhóna agus spairte trína chéile. Ach ní ag éisteacht leo a bhíosa ach ag iarraidh gal a chaitheamh as píopa Thaidhg Óig gan fhios dom' athair.

Dhéanamar tae arís tráthnóna agus dúradar liomsa ansan go raibh mo lá curtha síos agam agus bheith a' cur díom. Bhíodar dom' mholadh gurbh ana-bhuachaill mé.

Bhailíos le chéile mo chuid giúirléidí ar fad taréis an tae agus rugas ar an asal agus bhíos a' cur díom abhaile agus mé ag amhrán. Thugas lán a' chléibh de ghiúis thirim go dtí mam agus thugas earc luachra liom istigh i bpáipéar go dtí Cáit.

Dúirt mam, "maith a' buachaill." Ach nuair a tharraigíos an t-earc luachra beag do Cháit scréach sí. Bíonn na cailíní ana-ait! Dúirt sí an "sníomhaí snámhaí" ruda san a chaitheamh as a radharc. Fan go mbéarfad-sa ao' rud arís chuici.

Rann

Is maith í an bhó,
Is bainne í le n-ól,
Is im í agus feoil
Is solas geal í ar bhórd;
déanann a heireaball rón,
Agus a hadharc ceol
Agus is maith í a leather chun
bróg.

Obair le Déanamh

Athraigh iad so go (a.) gach lá, (b.) amárach, (c.) dá mbeadh sé fliuch.

1. Chaitheas cóta agus caipín.
2. Ní chuas amach.
3. An dtosnaís an obair?
4. Bhíomar istigh sa tigh.
5. An n-ól sé a dhóthain?

Ceisteanna

1. Faigh an t-ainm don móin is fearr agus don móin is measa sa scéal.
2. Píoc amach tréithe mham astu so: foighneach; crosta; ciallmhar; mí-thócaireach; tuisceanach; greannmhar; grámhar.
3. Cad leis a baintear móin?
4. Tá focal sa scéal do bhainne úr. Scríobh é.
5. Tabhair ainm ar an rud dubh a bhí sa phróca cré.
6. Mínigh na focail seo: smearáilte; cliabh; caorán; chromadar; scithiríl; giúirléidí.

Fí-Fhocal 2

Tá na focail sa
cearnóg so measctha.

Aimsigh iad.

Is féidir dul suas-síos



trasna



nó sceabhach.



Tá trí fhocal déag ann.

a	p	o	i	s	a	d	g
s	b	c	d	t	a	e	o
e	e	f	g	e	h	i	e
o	l	a	g	a	t	s	n
m	n	r	s	c	i	a	n
r	i	t	h	h	m	e	i
a	i	n	g	e	a	l	u
p	s	u	r	d	t	c	f

Marglann a' Daingin

'Sé an Daingean príomh-bhaile Chorca Dhuibhne agus is ann a déantar gnó ar fad na leithinse, nach mór. Is ann a bhí an t-aonach, dar ndoigh agus is ann chomh maith anois atá Marglann a' Daingin. Agus dála an scéil, tá an mharglann lonnaithe anois san áit chéanna 'na raibh páirc an aonaigh roimis, i mBóthar a' Spá.

Is sa mbliain 1975 a bunaíodh Marglann a' Daingin. Roimhe sin bhí an t-aonach ann agus bhí na feirmeoirí mí-shásta leis an aonach mar go raibh ana-chruatan ag baint leis. Chaithfeadh duine éirí ar a cúig a chlog ar maidin, b'fhéidir, agus na beithigh a thiomáint 'on aonach. Is minic ná raibh praghas maith le fáil ar bheithigh ar an aonach agus chaithfí iad a thabhairt abhaile arís.

Bhí greim ag na ceannaitheoirí ar an aonach i slí agus ní thaitin sé leo in aon chor marglann a bheith ag tosnú. D'fhéadfadh ceannaitheoirí pé praghas ba mhaith leo a tharrac ar bheithigh agus ba mhinic a dhéanadar socrú eadarthu féin maidir leis na beithigh a cheannóidís.

"Bíodh an chuid sin agat-sa agus tógfad-sa iad so agus fágfaimíd na cinn thíos ansan fén bhfear eile;" Sin é an port a bhíodh acu go minic. Ach, dar ndoigh, ní raibh na ceannaitheoirí ar fad mar sin. Bhí cuid mhaith acu ana-mhacánta. Rud eile; bhí ceannaitheoirí ag dul go dtís na feirmeoirí aige baile agus ag ceannach stoic uathu. Bhí so ana-shaoráideach don bhfeirmeoir mar níor ghá dhó na beithigh a thabhairt dtín t-aonach in aon chor. Ach is minic a bhí feirmeoirí thíos leis mar ná fuaireadar praghas ró-mhaith ar a gcuid ainmhithe.

Ach d'athraigh an scéal ar fad i 1975. Bhí daoine bailithe don slí a bhítheas ag magadh fútha. Tháinig buíon feirmeoirí lena chéile. Bhunaíodar comhar-chumann nua agus é d'aidhm acu marglann a bhunú. Bhailíodar airgead - £11,500 ar fad agus fuaireadar £1,000 ó Mharglann Thrá Lí agus £1,000 eile ó Mharglann Oileán Chiarraí.

Ceannaíodh páirc an aonaigh agus tógadh na foirgnimh a bhí riachtanach ann- oifig, fáinne díolta, seastán féachana, árdán ceanteálaí agus cuid mhaith locaí chun na hainmhithe a choimeád iontu. Fuair an mharglann deontas ó Roinn na Gaeltachta agus ceapadh bainisteoir agus rúnaí. Bhí an bheart déanta ag na feirmeoirí.

'Sé an ceanteálaí a dhíolann na hainmhithe ag an marglann agus geibheann an feirmeoir praghas cóir orthu. Díoltar iad de réir meáchana, gan dabht.

Ní gá d'fheirmeoirí eirí go luath ar maidin anois chun beithigh a thiomáint go dtí an t-aonach. Tugann sé go dtí an marglann iad i lorráí, leantóir tarraiceora, leantóir gluasteáin, nó i mbosca capaill. Cuirtear uimhir orthu agus tiomáintear isteach sna locaí iad. Déanann lucht na marglainne an chuid eile. De ghnáth fanann an feirmeoir leis a' gceaint ach ní gá dhó. Gheibheann sé a chuid airgid i seic seachtain nó dhó 'na dhiaidh san.

Bíonn suas le 45 lá marglainne sa Daingean i rith na bliana, ar an Satharn de ghnáth. Bíonn roinnt laethanta fé leith ann d'uain agus do reithí.

Bó Na Leathadhairce.

1

Thíos cois na toinne 's ea beathaíodh mo chaor'
Ag Diarmaid O Duilleáin ó Bharra na hAoine;
Mac dearthár athar dom 'chuir le haill í.
Easpa tobac a bhí ar an gcladhairce.

Curfá

Bó, bó, bó na leathadhairce,
Bó, bó, an tseanchaor' adharcach,
Bó, bó, bó na leathadhairce,
Bó dhroimeann dhearg 's ní fheadar cá bhfaighinn í.

2

B'fhearr liom ná scilling go bhfeicfinn mo chaora,
'Teacht chun a' dorais ar maidin nó stoiche;
Thálfadh sí bainne dhom, bheathódh sí uan dom,
Chuirfeadh sí seaicéidín deas ar mo ghualainn.

Curfá

3

Chonacsá beirthe í, chonac á roinnt í,
Chuireas-sa dúil inti, ach blaise ní
bhfaighinn di;
Ó, nár dheas í, ó nár mheidhreach!
Ó, nár dheas í an tseanchaor' adharcach!

Curfá

4

D'íofainn lán píce di, d'íofainn lán
oighinn di,
D'íofainnse liobar den tseanchaor'
adharcach,
Ó, nár dheas í ó, nár mheidhreach!
Ó, nár dheas í an tseanchaor' adharcach!

Curfá

Seanfhocail

Béarfaidh bó éigin gamhain éigin lá éigin. ● Mair a chapail agus gheobhair féar.

Ní dhéanfadh an saol capall ráis d'asal.

Muna mbíonn agat ach pocán gabhair, bí i lár an aonaigh leis.

Is minic a dhéan broimichín giobalach capaillín cumasach.

Ní moill faobhar ach is mór an mhoill a bheith gan é.